Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gnó na hArdteistiméireachta

Eispéireas Foghlama Gairmiúla

CC BY NC

Forbhreathnú ar an lá

Oide

Seisiún 1 09:15 - 11:00	• Machnamh a dhéanamh ar ár n-aistear go dtí seo ag teagasc na Sonraíochta Gnó • Athamharc a dhéanamh ar an CMB • Straitéisí a fhorbairt chun cur le cumas na scoláirí anailís a dhéanamh ar eolas agus ar shonraí agus chun iad a mheas
Sos 11:00 - 11:20	
Seisiún 2 11:20 - 13:00	• Fiosraigh cuir chuige chun tacú le torthaí foghlama an tSnáithe Aontaigh a leabú i gcleachtas sa seomra ranga sa seomra ranga sa seomra ranga. • Fiosraigh an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as uirlisí anailíse chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar eolas.
Lón 13:00 - 14:00	
Seisiún 3 14:00 - 15:45	• Glac páirt in eispéiris foghlama a fhorbraíonn scileanna gnó agus litearthacht airgeadais na scoláirí, rud a chuireann ar a gcumas dóibh cinntí airgeadais a dhéanamh atá eolach agus freagrach • Glac páirt i bpleanáil ábhair

Ábhair Thacaíochta

Oide


padlet

Liosta Seachadta Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Gnó na hArdteistiméireachta - Tacaíochtaí

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – Eispéireas Foghlama Gairmiúil
Gnó





4 x Lá iomlán EFG | 4 x Comhoibríoch | 3 x Ceardlann | 8 x Seimineár Gréasáin


Príomhdhoiciméid























Forléargas Sonraíochta



Fíor 3: *Sonraíocht Ghnó*, *2024, lch. 11*, Gnó na hArdteistiméireachta: Forléargas Sonraíochta

Intinní Foghlama: Seisiún 1

I seisiún 1...

- Déanfaidh muid machnamh ar ár n-aistear go dtí seo ag teagasc na Sonraíochta Gnó
- Déanfaidh muid athamharc ar an CMB
- Forbróidh muid straitéisí chun cur le cumas na scoláirí anailís a dhéanamh ar eolas agus ar shonraí chun iad a mheas

Déan machnamh ar an aistear go dtí seo

Cad iad na gnéithe den Ghnó a mbaineann do scoláirí sult astu?

Cad é mar atá do scoláirí ag dul i ngleic leis an Snáithe Aontach?

Cad é mar atá na fillteáin imscrúdaithe in úsáid ag do scoláirí?





5 nóim.




5 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


An Staidéar Imscrúdaithech Gnó Beo

- Foilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir chomónta gach bliain i dtéarma a dó den chéad bhliain.
- Déanfar measúnú ar an CMB ag an leibhéal ag a ndéanann an scoláire an scrúdú scríofa deiridh (Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal)
- Suas le 20 uair an chloig lena dhéanamh
- Tuairisc aonair (40%)




An Staidéar Imscrúdaithech Gnó Beo

- Tugtar leagan amach ar an tuarascáil dhigiteach sa treoir
- Deich n-íomhá an líon iomlán íomhánna atá ceadaithe sa tuairisc ar fad agus níor chóir go mbeadh níos mó ná 1500 focal i do thuairisc.
- Tugtar isteach go digiteach í chuig an múinteoir ranga i mBliain 2 - 12 Márta 2027 do scoláirí i mBliain 6 faoi láthair agus uaslódáiltear í chuig an tairseach CSS in Aibreán 2027
- CMB bunaithe ar phlean tionscadail a d'ullmhaigh an scoláire




Fíor 4: *Treoirlínte le tacú le Cur i gCrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, 2024, l.17*. Aguisín 2, Plean tionscadail a fhorbairt

Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo - Céimeana



Fíor 4: *Treoirlínte chun tacú le Cur i gCrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo , 2024, l.3*. Achoimire ar na príomhchéimeanna gníomhaíochta sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo.

Machnamh ar Chuir Chuige don CMB




15 nóim.

10 nóim.

- Cá huair a chuir (nó a chuirfidh) do scoláirí céimeanna an CMB I gcrích?
- Cad iad na cuir chuige is éifeachtaí ag gach céim dar leat?
- Cad é mar a thacaigh an fillteán imscrúdaitheach agus an fhoghlaim laistigh den Snáithe Aontach le do scoláirí maidir leis an CMB?

Forléargas ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo



"Beidh ar an scoláire sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, a inniúlacht a léiriú chun taighde a phleanáil, a dhéanamh, **a anailísiú agus a mheasúnú** ar shaincheist ar leith, ach úsáid a bhaint as réimse foinsí agus machnamh a dhéanamh ar réimse dearcthaí, le linn dó úsáid a bhaint as a rannpháirtíocht leanúnach i saol an ghnó."


(*Treoirlínte chun tacú le Cur i gCrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo*, 2024, l. 2)

Anailísigh agus Measúnaigh: Gluais de bhriathra gnímh

Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba cheart a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a ailíniú leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.


Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Aithin (foinsí)	foinsí eolais a aithint go sainiúil
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Cuir i láthair	rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a mheasúnú
Léirthuiscint a bheith ag... do	an bhrí, luach nó tábhacht a bhaineann le rud a aithint nó tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Cuir síos	cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí topaice ag baint úsáid as focail, léaráidí, samplaí agus/nó íomhánna nuair is cuí
Déan	tabhair faoi ghníomhaíocht
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
Faigh amach	a bhunú nó a fháil amach bunaithe ar fhaisnéis tar éis imscrúdú de ghnáth
Forbair	éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de
Idirdhealaigh	na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir
Iniúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus/nó teacht ar chonclúidí nua
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Meas	luach ruda a thomhas, a mheas nó a gharmheas
Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Measúnaigh (sonraí)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna



Leigh an cur síos a tugadh ar **anailísigh agus measúnaigh** sa ghluais de bhriathra gnímh in Aguisín 1 den tSonraíocht Ghnó (l. 40)

3 nóim.

Anailís agus Meastóireacht: An Tuairisc Dhigiteach



Físr 5: *Treoirlínte chun tacú le Cur i gCrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo*, 2024. l.3. Achoimre ar na príomhchéimeanna gníomhaíochta sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

1. Réamhrá **thart ar 200 focal**

- Cuir in iúl an cheist taighde atá agat
- Mínigh an réasúnaíocht a bhí agat leis an gceist a roghnú
- Déan do mhachnamh ar an gcaoi a ndeachaigh tú i ngleic le do phlean tionscadail

2. Imscrúdú agus Torthaí **thart ar 400 focal**

- Mínigh an cuspóir agus an bhaint a bhí ag na modhanna taighde agus na foinsí éagsúla a d'úsáid tú maidir le do cheist taighde
- Cuir torthaí do chuid taighde i láthair i bhformáidí cuí
- Cuir dear[illegible] éagsúla san áireamh

3. Anailís agus Meastóireacht **thart ar 600 focal**

- Déan anailís ar thorthaí do thaighde
- Déan meastóireacht ar thorthaí do thaighde
- Léirigh úire agus smaointeoireacht chriticiúil tríd síos san anailís agus sa mheastóireacht

4. Con[illegible]úidí **thart ar 300 f[illegible]cal**

Beidh cineál do chonclúidí ag [illegible] gach bliain.

- Cuir conclúidí i láthair a chosnaítear san anailís agus sa mheastóireacht
- Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar chabhraigh do chuid pleanála leat an staidéar a chur i gcrích
- Pléigh an chaoi ar fhorbair do dhearcadh de thoradh an staidéir
- Déan do mhachnamh ar an nasc atá idir do chuid torthaí agus saol réadúil an ghnó

5. Tagairtí

- Déan taifead cuí ar fhoinsí an eolais uile a bailíodh.

Físr 6: *Gnó na hArdteistiméireacha, Coimre Shamplach, 2025 l.7,* Struchtúr na Tuairisce ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo .

A4: Faisnéis a Anailísiú agus a Mheasúnú: An tSnáithe Aontach

A4 Faisnéis a anailísiú agus a mheasúnú

- an gá le torthaí a anailísiú agus a mheas chun teacht ar chonclúid(í) feasach(a).

1. faisnéis agus sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú.
2. an réimse dearcthaí laistigh de na torthaí a mheas.
3. torthaí a sintéisiú chun tuiscint nua nó tuiscint fheabhsaithe a chruthú.
4. breithmheas a thabhairt ar luach na faisnéise seo.
5. 5torthaí a mheas chun cinneadh/cinntí eolasacha a dhéanamh, chun teacht ar chonclúid/chonclúidí eolasacha nó chun moladh/moltaí a chur ar fáil.



1 nóim.



5 nóim.



5 nóim.

Comhroinn samplaí den dóigh ar úsáid tú féin agus do scoláirí **fíorshaol an ghnó** chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim in A4.

Faisnéis a Anailísiú agus a Mheasúnú: Nasc leis an Tortha Foghlama

1.3.1	Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
	3. Gnó agus an geilleagar • ábharthacht na dtáscairí eacnamaíochta ar leith lena n-áirítear boilsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, fás geilleagrach agus forbairt gheilleagrach, rátaí malairte agus muinín an tomhaltóra maidir le forbairt agus fás gnó.	**1.** an chaoi ar féidir le táscairí geilleagracha tionchar a bheith acu ar fhorbairt agus ar fhás gnó a mhíniú.


Faisnéis a Anailísiú agus a Mheasúnú: Naisc leis na Torthaí Foghlama


Oide

3.2.11

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
2. A bheith i gceannas agus daoine a bhainistiú	
• an tionchar bunathraitheach atá ag teicneolaíocht dhigiteach agus béim a leagan ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag na bealaí éagsúla oibre, lena n-áirítear cianobair agus obair mheasctha ar na fostóirí, ar na fostaithe agus ar shaol na hoibre.	**11.** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann an teicneolaíocht dhigiteach i bhfeidhm ar an áit oibre. **12.** na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le socruithe cianoibre agus oibre meascta do na fostaithe agus do na fostóirí a shainaithint. **13.** anailísiú a dhéanamh ar na ceisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a bhaineann le cianobair agus le hobair mheasctha.

Faisnéis a Anailísiú agus a Mheasúnú






Fíor: *Lucht Saothair* (2026) *CSO*. Ar fáil: https://www.cso.ie/en/interactivezone/visualisationtools/infographics/labourmarket/#labour-pg-3 (Dáta Rochtana: 15 Aibreán 2026).

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Ag Tacú le Smaointeoireacht Níos Doimhne ag na scoláirí



Cuir Síos	**'Cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí topaice'**
	Ó 2020 ar aghaidh, bhí méadú i líon na n-oibrithe nár oibrigh ón mbaile riamh
Anailísigh	**'...rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh;…**
	Tá treocht ann a léiríonn gur tháinig ardú i líon na ndaoine nár oibrigh ón mbaile riamh ó 1,430m go 1,866m idir C4 2020 agus C4 2025. Tá ardú de 436,000 duine nó 30.4% ann.
Measúnaigh	**'Fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh;...'; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint;**
	Creidim go mbeidh tionchar ag an ardú i líon na ndaoine a thoimáineann chun na hoibre ar an timpeallacht. Mar sin féin, creidim gur fearr le fostóirí do na hoibrithe a bheith ag comhoibriú san áit oibre chun cur le táirgiúlacht. Teorainn amháin a bhaineann leis na sonraí ná nach bhufil briseadh síós ar na catagóirí fostaíochta ar fáil

Faisnéis a Anailísiú agus a Mheasúnú

- Leat féin, déan staidéar ar na sonraí a tugadh do do ghrúpa. B'fhéidir gur mhaith leat taighde breise a dhéanamh ar líne maidir leis na sonraí



5 nóim.

- Ag do thábla, déan anailís agus measúnú ar na sonraí go comhoibríoch. Bain úsáid as na ceisteanna leide sa leabhrán a cuireadh in oiriúint ó na Treoirlínte CNCM



10 nóim.



10 nóim.


- Comhroinn na torthaí

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Machnamh

5 nóim.

Cad é mar is féidir liom tacú le scoláirí chun bogadh ar aghaidh ó...



Intinní foghlama: Seisiún 1

Sa seisiún seo...

- Rinne muid machnamh ar ár n-aistear go dtí seo ag teagasc na Sonraíochta Gnó
- Rinne muid athamharc ar an CMB
- D'fhorbair muid straitéisí chun cur le cumas na scoláirí anailís a dhéanamh ar eolas agus ar shonraí agus chun iad a mheas

Sos




Intinní Foghlama: Seisiún 2

Sa seisiún seo,

- Fiosróidh muid cuir chuige chun tacú le torthaí foghlama an tSnáithe Aontaigh a leabú i gcleachtas sa seomra ranga

- Smaoineoidh muid ar an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as uirlisí anailíse chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar eolas.

Snáithe Aontach: Gnó a Iniúchadh



"Tá an snáithe aontaithe deartha le bheith fite ar fud na snáitheanna comhthéacsúla de réir mar is cuí."

(Sonraíocht churaclaim le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta, 2024, l. 10)


An Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

Oide

Cuireann an Staidéar Imscrúdaitheach Gnó Beo ar scoláirí...

> “...iniúchadh a dhéanamh ar ghné de ghnó agus na scileanna a forbraíodh a chur i bhfeidhm, scileanna a d’fhorbair sé trína bheith rannpháirteach leis an Snáithe Aontaitheach chun teacht ar **chonclúid eolach/ar chonclúidí eolacha, ar mholadh eolach/ar mholtaí eolacha agus/nó ar dhearcadh eolach/ar dhearcthaí eolacha**”

(CNCM Treoirlínte, Tuairisceoirí Cáilíochta, L. 10-13)



Buiséad an Rialtais a Nascadh le Cuid 1.4 agus 4.3

Oide

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
4. Tionchar bheartas náisiúnta agus AE • an chaoi a n-imríonn beartas rialtais na hÉireann* tionchar ar fud earnálacha éagsúla den gheilleagar, conas atá difríocht idir beartas agus reachtaíocht agus conas is féidir le páirtithe leasmhara i ngnó a bheith mar bhonn eolais agus tionchar a imirt ar fhorbairt beartais (lena n-áirítear grúpaí sainleasa agus brústocaireacht)	1. breac-chuntas a thabhairt ar thrí bheartas de chuid rialtais na hÉireann a mbíonn tionchar acu ar thrí earnáil éagsúla den gheilleagar in Éirinn* 2. an difríocht idir beartas agus reachtaíocht rialtais a mhíniú 3. breac-chuntas a thabhairt ar an ról atá ag gnólachtaí i bhforbairt an bheartais náisiúnta.
3. A bheith i d'fhostaí eolach • an chaoi ar féidir tionchar a bheith ag cinntí rialtais orthu siúd atá fostaithe • an chaoi ar féidir a fhoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil agus an chaoi ar féidir léi cuidiú leis tuiscint a fháil ar scéalta gnó sna meáin.	5. iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag an mbuiséad rialtais bliantúil ar oibrithe. 6. léirthuiscint a bheith aige don tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha a dhéanamh mar fhostaí agus an tuiscint sin a úsáid chun scéalta a bhaineann leis an áit oibre sa nuacht agus sna meáin a phlé

1.4.1
1.4.3

4.3.5

Iniúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus/nó teacht ar chonclúidí nua



"Féach, Smaoinigh, Meabhraigh"

1 nóim.

3 nóim.

Íomhá arna giniúint ag IS a léiríonn freagairtí na ngeallsealbhóirí do Bhuiséad Náisiúnta na hÉireann, a gineadh le ChatGPT.

An Nasc a Dhéanamh le A2

Oide

Foghlaimíonn an scoláire faoi

A2 Faisnéis a bhainistiú

- an tábhacht le húsáid a bhaint as réimse faisnéise agus sonraí; machnamh a dhéanamh ar réimse dearcthaí, inchreidteacht na foinse faisnéise/sonraí, comhthéacs agus cruinneas na faisnéise/na sonraí, measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis/ar shonraí le haghaidh claonadh féideartha, iontaofachta agus luacha
- an gá le faisnéis agus sonraí a anailísiú ó réimse dearcthaí agus a chinntiú go bhfuil na sonraí agus an fhaisnéis a bailíodh ionadaíoch agus cuimsitheach.

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

1. sonraí, fianaise agus/nó faisnéis chuí a shainaithint, ar shaincheisteanna a bhaineann le gnó ó réimse foinsí.
2. measúnú a dhéanamh ar chruinneas, inchreidteacht agus iontaofacht na bhfoinsí.
3. na foinsí sonraí, fianaise agus/nó faisnéise atá á n úsáid a thaifeadadh go cruinn agus aitheantas a thabhairt dóibh.
4. príomhphointí nó smaointe i ngach foinse a shainaithint.
5. ar a fhoinsí faisnéise a anailísiú lena fháil amach a thábhachtaí atá saincheist do dhaoine aonair agus/nó grúpaí éagsúla.
6. bearnaí i bhfaisnéis agus i sonraí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an toradh ar an méid sin trí tneacht ar chonclúid(í) réasacn(a).



An Nasc a Dhéanamh le A4

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
A4 Faisnéis a anailísiú agus a mheasúnú • an gá le torthaí a anailísiú agus a mheas chun teacht ar chonclúid(í) feasach(a).	1. faisnéis agus sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú. 2. an réimse dearcthaí laistigh de na torthaí a mheas. 3. torthaí a sintéisiú chun tuiscint nua nó tuiscint fheabhsaithe a chruthú. 4. breithmheas a thabhairt ar luach na faisnéise seo. 5. torthaí a mheas chun cinneadh/cinntí eolasacha a dhéanamh, chun teacht ar chonclúid/chonclúidí eolasacha nó chun moladh/moltaí a chur ar fáil.

An Nasc a Dhéanamh le A5

Foghlaimíonn an scoláire faoi

A5 Torthaí agus dearcthaí a chur i láthair

- an tábhacht le cumarsáid i bhformáid agus i stíl a fheileann don lucht féachana sprice.

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

1. úsáid a bhaint as na foirmeacha cuí cumarsáide (ó bhéal, físe, scríofa, ilmhódach) ar chríocha éagsúla agus do lucht féachana a d'fhéadfadh a bheith éagsúil.
2. úsáid a bhaint as graif/cairteacha/ léaráidí/grafaicí chun tacú le cur i láthair a thorthaí.
3. a shainaithint cén chaoi agus cén fáth a bhféadfadh a dhearcthaí a bheith athraithe bunaithe ar a chuid taighde.
4. conclúid(í), dearcadh/dearcthaí agus nó moladh/moltaí a léiriú go soiléir agus go loighciúil trí úsáid a bhaint as téarmeolaíocht ghnó agus coincheapa gnó i gceart agus go héifeachtúil.

Dearcthaí Éagsúla a Fhiosrú

Oide

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
• an chaoi ar féidir tionchar a bheith ag cinntí rialtais orthu siúd atá fostaithe	5. iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag an mbuiséad rialtais bliantúil ar oibrithe.

Lch. 30

Unions criticise Government's pausing of living wage

Updated / Wednesday, 7 Oct 2026 18:30



- Léigh an alt ó Nuacht RTÉ
- Pléigh an dóigh ar féidir leat na hailt seo a úsáid chun cuidiú le do scoláirí anailís agus measúnú a dhéanamh ar eolas agus faisnéis chun **cinneadh eolach, moladh agus/nó dearcadh** maidir le topaic a dhéanamh.
- How might students apply their learning from the **Unifying Strand: Investigating Business** while exploring business-related news items?
- Cad é mar is féidir an **fillteán imscrúdaitheach** a úsáid chun tacú le foghlaim na scoláirí anseo?

3 nóim.

15 nóim.

10 nóim.

Leabhrán, Lch 8

Machnamh

As a bheith ag comhoibriú le mo ghrúpa...

- Cad é mar a athróidh mé mo chleachtas mar gheall ar an bhfoghlaim ón lá inniu?
- Cén chaoi ar féidir liom pleanáil a dhéanamh?
- Cén áit a n-athróidh mé mo phleanáil?



3 nóim.

Uirlisí Anailíse

1.1.4	tabhairt faoi **mhapáil páirtithe leasmhara*** agus an tábhacht le tús áite a thabhairt do spéiseanna páirtithe leasmhara éagsúla a mhíniú.
2.3.4	na promhghnéithe de **chanbhás samhla gnó*** a shainaithint agus breac-chuntas a thabhairt ar ról na samhlach gnó i bhfiontair ar éirigh leo
2.4.7	**greille chumhachta-spéise*** a úsáid chun suim na gcustaiméirí a anailísiú agus an cumasc margaíochta a chur in oiriúint mar is gá
2.6.2	úsáid a bhaint as **samhail cúig fhórsa Porter*** chun iomaíocht a shainaithint agus a anailísiú sa mhargadh agus na torthaí céanna a úsáid chun an buntáiste iomaíoch atá ag gnólacht a shainaithint.
2.4.8	Anailís **STEEPLE*** a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an timpeallacht sheachtrach agus chun saincheisteanna imní do ghnólacht a shainaithint.
3.4.7	míniú a thabhairt ar an tábhacht le pleanáil le haghaidh athrú agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh **anailís réimse fórsa*** tacú le pleanáil straitéiseach a dhéanamh le haghaidh athrú in eagraíocht

Anailís Réimse Fórsa



Image source: www.slidemodel.com

Anailís Réimse Fórsa

3.4.7

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
• an suntas a bhaineann le pleanáil straitéiseach mar phróiseas leanúnach in eagraíocht, an chaoi a dtacaíonn sí le hathrú a stiúradh agus a bhainistiú in eagraíocht agus an chaoi ar féidir anailís réimse fórsa a úsáid chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach.	7. an tábhacht le pleanáil le haghaidh athrú a mhíniú agus an chaoi a bhféadfadh anailís réimse fórsa* tacú le pleanáil straitéiseach a dhéanamh le aghaidh athrú in eagraíocht a phlé.

Anailís réimse fórsa	Is cur chuige í anailís réimse fórsa a úsáidtear chun na fórsaí is cúis le hathrú agus na fórsaí a chuireann bac ar athrú a shainaithint agus a anailísiú. Is féidir le fórsaí a bheith inmheánach agus seachtrach araon.

(Aguisín 2, Gluais Téarmaí, l.39)

Anailís Réimse Fórsa

Fórsaí is cúis le hathrú

5	Laghdófar costais saothair.
5	Beidh an córas uathoibríoch agus tabharfar próiseáil níos gasta do chustaiméirí.
3	Caithfidh na custaiméirí níos lú ama i scuaine
2	Feabhsófar bailiú sonraí agus anailísíocht maidir le custaiméirí

Iomlán = 15

Tá bialann mhearbhia ag smaoineamh faoi iarraidh ar gach custaiméir ordú ar scáileáin digiteach.



Scór 1 – 5

1 = Fórsa lag
5 = Fórsa láidir

Forsaí a chuireann bac ar athrú

Caillfear postanna - ní bheidh na hoibrithe sásta.	4
Na costais.	3
Beidh níos mó rioscaí i gceist, mar shampla cibirionsaithe.	4
Beidh cuid de na custaiméirí ag streachailt leis an teicneolaíocht nua	3

Iomlán = 14

Leabhrán, Lch. 9

Anailís Réimse Fórsa a chur i bhfeidhm

I do ghrúpa, aimsigh na **fórsaí is cúis le hathrú** a d'fheadfadh a bheith ann agus na **fórsaí a chuireann bac ar athrú** agus sann luachanna dóibh (1-5).



Spotify flags price rises as it introduces new services, FT reports

Updated / Monday, 25 Aug 2025 10:47

10 nóim.

5 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Mapáil Páirtithe Leasmhara

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

1. Príomhpháirtithe leasmhara i ngnó

1.1.4

Lch 15

- príomhpháirtithe leasmhara i ngnó (lena n-áirítear úinéirí gnólachtaí, infheisteoirí, fostaithe, tomhaltóirí, soláthróirí, pobal áitiúil agus rialtas), an tábhacht atá leo i ngnó agus a n-idirspleáchais, lena n-áirítear riachtanais agus mianta na bpríomhpháirtithe leasmhara éagsúla ag céimeanna éagsúla den fhorbairt gnó.

4. mapáil páirtithe leasmhara* a dhéanamh agus an tábhacht le tús áite a thabhairt do spéiseanna páirtithe leasmhara éagsúla a mhíniú.

Mapáil páirtithe leasmhara	Cuimsítear machnamh a dhéanamh ar an príomhpháirtithe leasmhara agus ar a gcumhacht agus a dtionchar le mapáil páirtithe leasmhara, agus a bheith ag foghlaim faoin réimse páirtithe leasmhara agus ar an ngá le cuimhneamh ar réimse dearcthaí. Is féidir le mapáil páirtithe leasmhara a bheith scríofa nó físiúil agus ba cheart go gcuimseofaí léi páirtithe leasmhara éagsúla, a n-idirspleáchais agus idirchaidrimh, agus machnamh ar a gcumhacht agus ar a dtionchar ar chinnteoireacht.

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí I. 43)

Greille Chumhachta-Spéise


2.4.7

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
• an fhéidearthacht a bhaineann le réimse uirlisí anailíseacha chun suim na gcustaiméirí agus an timpeallacht sheachtrach a anailísiú	7. greille chumhachta-spéise a úsáid chun suim na gcustaiméirí a anailísiú agus an cumasc margaíochta a chur in oiriúint mar is gá.

Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí, L.43)

Greille Chumhachta-Spéise



1. Sainaithin na príomhpháirtithe leasmhara.
2. Cuir sna boscaí cearta iad

Tá bialann mhearbhia ag smaoineamh faoi iarraidh ar gach custaiméir ordú ar scáileáin digiteach





5 Nóim.



5 Nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Samhail Cúig Fhórsa Porter

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
6. Fás, forbairt agus méadú • an tábhacht le hiomaíocht fhéideartha agus iomaitheoirí féideartha a shainaithint i ngnó agus an suntas a bhaineann le buntáiste iomaíoch gnólachta agus an chaoi ar féidir le gnólacht an leas is fearr a bhaint as seo.	**2.** úsáid a bhaint as samhail cúig fhórsa Porter* chun iomaíocht a shainaithint agus a anailísiú sa mhargadh agus na torthaí céanna a úsáid chun an buntáiste iomaíoch atá ag gnólacht a shainaithint.


2.6.2

L. 22

Samhail cúig fhórsa Porter	Cuimsítear le samhail Porter cúig fhórsa a thacaíonn le tuiscint níos doimhne ar na fórsaí iomaíocha laistigh de ghnólacht a spreagann an chaoi a roinntear luach eacnamaíochta i measc na bpáirtithe leasmhara. Cuimsítear leis na cúig fhórsa le samhail Porter, bagairt na n-iontrálaithe nua, cumhacht mhargála na soláthraithe, cumhacht mhargála na gcustaiméirí, bagairt na dtáirgí ionaid agus coimhlint iomaíoch.

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí I.43)

Samhail Cúig Fhórsa



Samhail Cúig Fhórsa Porter a chur i bhfeidhm

Bain úsáid as samhail na gcúig fhórsa de chuid Porter chun iomaíocht Spotify a aithint agus chun anailís a dhéanamh uirthi.



10 nóim.

5 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Intinní Foghlama: Seisiún 2

Sa Seisiún seo…

- D'fhiosraigh muid cuir chuige chun tacú le torthaí foghlama an tSnáithe Aontaigh a leabú i gcleachtas sa seomra ranga

- Smaoinigh muid ar an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as uirlisí anailíse chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar eolas.

Lón



Intinní Foghlama: Seisiún 3


Sa seisiún seo...

- Tabharfaidh muid faoi phleanáil ábhair
- Glacfaidh muid páirt in eispéiris foghlama a fhorbraíonn scileanna gnó agus tuiscint airgeadais na scoláirí, rud a chuireann ar a gcumas dóibh cinntí airgeadais a dhéanamh atá eolach agus freagrach.

Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí



Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mianaítear leo




Leabhrán, lch. 7

Pleanáil Ábhair

Cruthaigh plean d'aonad foghlama le do chomhghleacaithe atá bunaithe ar an téama trasghearrtha – Litearthacht Ghnó agus Airgeadais


15 nóim.

5 nóim.



Leabhrán, Lch 17-19

Litearthacht Ghnó agus Airgeadais



Fíor 3: *Sonraíocht Ghnó*, *2024, lch. 11*, Gnó na hArdteistiméireachta: Forléargas Sonraíochta

Litearthacht Ghnó agus Airgeadais

"Is príomhinniúlachtaí iad litearthacht ghnó agus airgeadais i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a **chuidíonn** leis an scoláire mar dhuine aonair agus mar shaoránach chun eolas, iompraíochtaí agus meonta a fhorbairt a thacaíonn le **cinntí gnó agus airgeadais atá cuí agus eolach a dhéanamh**"

(Sonraíocht churaclaim le haghaidh Ghnó na hArdteistiméirachta, 2024, l. 10)



Téamaí trasghearrtha

Smaoinigh ar an dóigh a gcomhtháthaíonn tú an téama trasghearrtha de **Litearthacht Ghnó agus Airgeadais** i do chleachtas sa seomra ranga



2 nóim.

Cinntí airgeadais eolasacha a dhéanamh

	Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
4.2.1	**2. Cinntí airgeadais eolacha a dhéanamh**	
L. 29	• an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht eolach maidir le coigilt agus infheistíocht, machnamh a dhéanamh ar ghnéithe de sin lena n-áirítear boilsciú, riosca, rátaí úis, cúrsaí cánach agus táillí agus toradh ar infheistíocht gearrthéarmach/meántéarmach agus fadtéarmach.	**1.** scrúdú a dhéanamh ar na tosca le cuimhneamh orthu maidir le coigilt, infheistiú, agus iasacht a fháil
4.2.2	• an tábhacht a bhaineann le hanailísiú a dhéanamh ar rioscaí féideartha agus táirgí/seirbhísíairgeadais á bhfáil agus an fáth ar cheart do thomhaltóirí smaoineamh ar athrú idir soláthraithe táirgí	**2.** lamháltas riosca a mhíniú ó thaobh tomhaltóirí de agus iniúchadh a dhéanamh ar an réimse rioscaí atá roimh thomhaltóirí a cheannaíonn táirgí airgeadais agus an chaoi ar féidir le custaiméirí foinsí eolais iontaofa faoi airgeadas a shainaithint
4.2.3		**3.** breac-chuntas a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé smaoineamh ar athrú idir soláthraithe táirgí airgeadais

L. 29

Cinntí airgeadais eolasacha a dhéanamh

1. Bain úsáid as an teimpléad atá sa leabhrán chun plé a dhéanamh ar an gcás maidir leis an táirge airgeadais a tugadh do do ghrúpa
2. Bain úsáid as an uirlís ar líne a tugadh do do ghrúpa chun an táirge airgeadais a chur i gcomparáid le soláthraithe eile
3. Smaoinigh ar an dóigh ar feidir le tomhaltóirí na dtáirgí airgeadais, foinsí eolas airgeadais atá iontaofa a aithint.



10 nóim.

10 nóim.

Leabhrán, L. 11-13

Naisc a dhéanamh

Sainaithin torthaí foghlama ó na **snáithe comhthéacsúla** eile agus ón **snáithe aontach** a d'fhéadfadh baint a bheith acu leis an téama trasghearrtha de Litearthacht Ghnó agus Airgeadais




10 nóim.



5 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean



- Acmhainn teagaisc don seomra ranga
- Spreagábhar don fhillteán imscrúdaitheach
- Gníomhaíochtaí taighde tacúla lena n-áirítear CMB
- Scileanna maidir le léirmhíniú ar shonraí a fhorbairt

An tOmbudsman Seribhísí Airgeadais agus Pinsean

4.2

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
• rialú an mhargaidh táirgí airgeadais de chuid rialtas na hÉireann agus an AE agus an chaoi chun riosca a bhainistiú lena n-áirítear iad sin a bhaineann le pinsin, morgáistí, táirgí bunaithe ar chreidmheas agus criptea-airgeadas.	6. iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a rialaítear an tionscal seirbhísí airgeadais agus iarmhairtí féideartha an tearcrialaithe a phlé. 7. breac-chuntas a thabhairt ar réimse gníomhaíochtaí calaoise airgeadais agus plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le tomhaltóirí iad féin a chosaint.

L. 29




Financial Ombudsman gets record 7,000 complaints in 2025

Nuacht RTÉ (2026)

Cás-staidéar OSAP a fhiosrú

Oide

L.50




5 nóim.

Tuarascáil chreidmheasa dhiúltach mar thoradh ar mhíthuiscint ar théarmaí cárta creidmheasa

Bhí cárta creidmheasa ag Declan, rud a d'íoc sé in am i gcónaí. Stop Declan ag úsáid an chárta creidmheasa, agus níor cheap sé go mbeadh aon fhadhb ann toisc nach raibh aon airgead dlite ar an gcárta. D'aistrigh Declan chuig teach eile, agus níor cheap sé gur ghá dó an banc a chur ar an eolas faoin athrú seolta toisc nach raibh an cárta in úsáid aige a thuilleadh.

Ós rud é gur stop Declan ag úsáid a chárta creidmheasa agus nár dhún sé go foirmiúil é, bhí oibleagáid ar an mbanc an tobhach bliantúil Rialtais €30 a chur i bhfeidhm i leith an chuntais. Toisc nár athraigh Declan a sheoladh, ní fhaca sé na ráitis chárta creidmheasa agus ní raibh a fhios aige go raibh aon airgead dlite. Nuair nár íocadh an tobhach €30, gearradh ús agus táillí déanacha, agus thit an cárta i riaráistí €127.59. Chuir an chuideachta cárta creidmheasa bac ar an gcárta ansin. Faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa, tá oibleagáid ar bhainc iasachtaí ar fiú níos mó ná €500 iad a thuairisciú don Phríomh-Chlár Creidmheasa. Cé nach bhfuair Declan níos mó €500 ar iasacht, bhí an teorainn chreidmheasa ar a chárta níos mó ná €500, rud a thug an cárta faoin raon tuairiscithe.

Cas-staidéar OSAP a fhiosrú



Nuair a rinne Declan iarratas ar chreidmheas in áit eile, diúltaíodh don iarratas toisc gur léiríodh ina thuarascáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa go raibh aige cárta creidmheasa cealaithe ar a raibh iarmhéid neamhíoctha €127.59. Nuair a tháinig sé ar an eolas faoin bhfiach, d'íoc Declan láithreach é. Fuair sé amach, áfach, go mbeadh an tuarascáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, inar léiríodh an t-iarmhéid neamhíoctha, le feiceáil ag aon iasachtóirí amach anseo go ceann cúig bliana ón lá a ghlan sé é. Bhí Declan trí chéile toisc nach raibh sé ar an eolas faoin iarmhéid neamhíoctha agus toisc go raibh míthuiscint ar an tobhach €30 ina cúis le fiach €127.59 a tuairiscíodh don Phríomh-Chlár Creidmheasa.

Rinne Declan gearán lena bhanc faoin mainneachtain glao a chur air in am chun an fiach a íoc. Dúirt a bhanc leis nach gcuireann sé glao ar chustaiméirí nuair atá an fiach faoi bhun €300. Dhírigh sé aird Declan ar na Téarmaí agus na Coinníollacha a ghabhann lena chárta, ina leagtar ar an sealbhóir cárta, agus ní ar an mbanc, an fhreagracht as seoladh a athrú. Cé go raibh trua aige do chás Declan, mhínigh an banc freisin nach ndúnfadh sé cárta creidmheasa in aon chás ar an mbonn go bhfuil sé neamhghníomhach agus ar an mbonn sin amháin. Dúirt sé gur gá an cárta a dhúnadh iarbhír chun an tobhach bliantúil Rialtais a sheachaint. Maidir leis an drochthuarascáil chreidmheasa, dúirt an banc nach mór an tuarascáil a sheolann sé chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa a bheith fíorasach. Dar leis an mbanc, ní fhéadfaidh sé Tuarascáil Chreidmheasa a athrú ach amháin i gcás go bhfuil sí míchruinn agus, sa chás seo, bhí fiach neamhíoctha ar chárta Declan agus cealaíodh é.

Ag tabhairt faoi chás-staidéar OSAP

Oide

Torthaí Foghlama sna Snáitheanna Comhthéacsúla	An tSnáithe Aontach - Torthaí Foghlama	Téamaí trasghearrtha - naisc	Cuir Chuige Teagaisc agus na Príomhinniúlachtaí
Cad iad na torthaí foghlama i **snáitheanna 1-4** ar féidir leis an gcás-staidéar seo tacú leo?	Cad iad na torthaí foghlama ón **snáithe aontach** is féidir a fhorbairt?	Aimsigh **téamaí trasghearrtha** atá ábhartha anseo? Cad é mar a bhainfeá úsáid as an gcás-staidéar seo chun **inniúlachtaí agus uimhearthacht** a fhorbairt?	Cad iad na **cuir chuige teagaisc** a d'fhéadfá a úsáid leis an gcás-staidéar seo? Cad iad na **príomhinniúlachtaí** a d'fhéadfadh leis an gcur chuige seo a fhorbairt sna scoláirí?




16 nóim.



4 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Eispéireas foghlama a dhearadh do chás-staidéar



Amharc ar "**Fhorléargas ar Ghearáin**" a tugadh do do ghrúpa agus roghnaigh cás-staidéar amháin. Dear eispéireas foghlama bunaithe ar an gcás-staidéar seo a chuimsíonn:

- Torthaí foghlama sna snáitheanna comhthéacsúla
- Torthaí foghlama sa snáithe aontach
- Téamaí trasghearrtha
- Cuir chuige teagaisc agus príomhinniúlachtaí.

15 nóim. 10 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Machnamh



Déan machnamh ar an EFG seo agus ar an taithí atá agat féin ar an tsonraíocht nua go dtí seo.

Ainmnigh **trí** ghníomh a dhéanfaidh tú tar éis an EFG seo.

Smaoinigh ar an da phointe seo:



5 nóim.

- Do chleachtas féin
- Do roinn ábhair


Intinní Foghlama - Seisiún 3

Sa seisiún seo...

- Thug muid faoi phleanáil ábhair
- Ghlac muid páirt in eispéiris foghlama a fhorbraíonn scileanna gnó agus tuiscint airgeadais na scoláirí, rud a chuireann ar a gcumas dóibh cinntí airgeadais a dhéanamh atá eolach agus freagrach.

Déan teagmháil linn...





Tagairtí

Gnó in Éirinn 2023 (2026) CSO. Ar fáil ag: https://www.cso.ie/en/interactivezone/visualisationtools/infographics/business/#business-pg-15 (Rinneadh rochtain ar: 15 Aibreán 2026)

CCPC Consumer Helpline Report H1 2025 consumer helpline report 2025. Ar fáil ag:

https://www.ccpc.ie/business/wp-content/uploads/sites/3/2026/04/CCPC-Consumer-Helpline-Report2025-web.pdf (Rinneadh rochtain ar: 15 Aibreán 2026).

Costas Bricfeasta Éireannaigh 2024 (2024) CSO. Ar fáil ag: https://www.cso.ie/en/csolatestnews/presspages/2024/costofafullirishbreakfast2024/ (Rinneadh rochtain ar: 15 Aibreán 2026)

CNCM (2024). *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta*

CNCM (2024). *Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach*

CNCM (2024). *Teoirlínte chun cur i gcrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo*

Ryanair Customer satisfaction 2025. Ar fáil ag: https://corporate.ryanair.com/facts-figures/customer-satisfaction/ (Rinneadh rochtain ar: 15 Aibreán 2026).

Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (2025). *Scrúdú na hArdteistimeireachta, Coimire Shamplach, 2025, An Staidéar Imscrúdaitheach,Gnó Beo***.** Struchtúr na Tuairisce.

Aguisíní

Fíor 1: CNCM (2024). *Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, 2024, l.1.* Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo.

Fíor 2: CNCM (2024). *Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach*, 2024, *l.2.* Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.

Fíor 3: CNCM (2024). *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta, l.11*. Gnó na hArdteistiméireachta: Léargas ar an tSonraíocht.

Fíor 4: CNCM (2024). *Teoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Stáidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, 2024, l .17.* Plean tionscadail a fhorbairt.

Fíor 5: CNCM (2024). *Teoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Stáidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, 2024, l.3***.** Achoimre ar na príomhchéimeanna gníomhaíochta sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo .

Fíor 6: Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (2025). *Gnó na hArdteistiméireachta, Coimire Shamplach, 2025, l.7.* Struchtúr na Tuairisce.